



Comhairle Contae Mhuineacháin

**ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003
SCÉIM TEANGA**

2020-2023

Clár

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra.....	3
1.1 Réamhrá.....	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta Tosaigh na Scéime	3
Caibidil 2: Léargas ar Chomhairle Contae Mhuineacháin.....	4
2.1 Misean agus Cuspóirí	4
2.2 Seirbhísí.....	5
2.3 Custaiméirí agus Cliaint.....	5
Caibidil 3: Sonraí trí Bhéarla amháin nó dátheangach	6
Caibidil 4: Cur le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge	7
Caibidil 5: Cur le Cumas Teanga	14
Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú	16
Caibidil 7: Poiblíocht don Scéim Aontaithe	17

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 don ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ina leagfar amach na seirbhísí a bheidh ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trín dá mheán Gaeilge agus Béarla

Cinntíonn an scéim teanga na bearta a bhfuil gá leo lena chinntiú, maidir le seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair, go mbeidh a leithéid sin ar fáil laistigh de scála ama aontaithe.

De réir Alt 14(3) den Acht, bíonn scéimeanna i bhfeidhm go ceann trí bliana nó go dtí go ndearbhaíonn an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scéim nua, pé acu is déanaí.

1.2 Ullmhúchán agus Clár na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tógadh ceann mar ba chóir de na Treoracha ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Anuas air sin, tharla próiseas leathan comhairliúcháin le páirtithe leasmhara cuí.

Mar threoir don Údarás Áitiúil tuigtear go mbunófar soláthar seirbhísí as Gaeilge ar:

- leibhéal éigin bunúsach den éileamh ar sheirbhísí áirithe as Gaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige dearfach maidir le soláthar na seirbhísí úd, agus
- na hacmhainní a bheidh gá leo, daonra agus airgeadais san áireamh, maraon le cumas an chomhlachta chun an ábaltacht chuí don bhforbairt agus rochtain teanga a éascú.

Tagann an scéim seo le prionsabail Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir agus lenár gCairt Custaiméara. Bunaíodh í lena chinntiú go bpléifidh Comhairle Contae Mhuineacháin mar is cóir leis na dualgais chuí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar bhonn méadaithe, don scéim seo is do scéimeanna eile sa todhchaí.

Moltar an t-am agus an iarracht atá déanta ag cách lena mbaineann an próiseas agus is mór againn an méid sin go léir.

1.3 Dáta tosaithe na Scéime

Dhearbhaigh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an Scéim seo. Beidh feidhm léi ó 27 Nollaig 2020 go ceann tréimhse trí bliana nó go dtí go ndearbhaítear scéim nua, pé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas ar Chomhairle Contae Mhuineacháin

2.1 Misean agus Cuspóirí

Soláthraíonn Comhairle Contae Mhuineacháin seirbhísí poiblí ardchaighdeáin, inmharthana chun cur le leas eacnamaíoch, comhshaoil agus cultúrtha muintir an chontae.

Mar chuid dár ndualgas leathan agus ról ceannaireachta áitiúil bíonn saothar suntasach ar bun ag Comhairle Contae Mhuineacháin chun tacú le cúrsaí gnó a leathnú, fiontar nua a bhunú agus cur le deiseanna áitiúla fostaíochta.

Toisc cur chuige na Comhairle a bheith oscailte, nuálach agus trédhearcach cuirtear go mór le héifeachtúlacht, tosaíocht do sheirbhísí imeasctha is inrochtana agus déantar athbhreithniú rialta ar mhargadh maith a fháil sa tsoláthar seirbhísí. Ar an gcuma san cuirtear leis an réimse seirbhísí agus le leas is cáilíocht bheatha do shaoránaigh is pobail an chontae.

Freagraíonn Comhairle Contae Mhuineacháin don ghá agus cúinsí áitiúla mar aithnímid an ról atá againn agus pobail inmharthana á bhforbairt.

Seo liosta na bpríomhranna de chuid Comhairle Contae Mhuineacháin:

- Tithíocht agus Foirgníocht
- Bóithre agus Iompar
- Mótarcháin
- Seirbhísí Uisce
- Airgeadas
- Rialachas & Gnóthaí Corparáideacha
- Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch
- Turasóireacht
- Forbairt Pobail
- Comhshaoil
- Seirbhísí Dóiteáin, Rialú Foirgníochta & Cosaint Shibhialta
- An tSeirbhís Leabharlainne
- Músaem an Chontae
- Oifig Ealaíona
- Bainistiú Daonacmhainní
- Ceantar Bardasach Béal Átha Beithe-Cluain Eois
- Ceantar Bardasach Mhuineacháin
- Ceantar Bardasach Carraig Mhachaire Rois-Baile na Lorgan

2.2 Seirbhísí Lárnacha

Toisc cur chuige na Comhairle a bheith oscailte, nuálach agus trédhearcach cuirtear go mór le héifeachtúlacht, tosaíocht do sheirbhísí imeasctha is inrochtana agus déantar athbhreithniú rialta ar mhargadh maith a fháil sa tsoláthar seirbhísí. Ar an gcuma san cuirtear leis an réimse seirbhísí agus le leas is cáilíocht bheatha do shaoránaigh is pobail an chontae.

Tá baint níos mó anois ag Baill Tofa ag leibhéal áitiúil le cinntí agus réimse leathan ceisteanna agus cúinsí áitiúla, bíonn páirtithe leasmhara in ann gníomhú i gcúrsaí áitiúla. Buntáiste is ea an méid sin do ról na Comhairle i bhforbairt pobal inmharthana, feabhsú ar fhéinaitheantas agus cur le héifeachtúlacht is creidiúint maidir le hionadaíocht daonlathach.

2.3 Custaiméirí agus Cliant

Tógann Comhairle Contae Mhuineacháin ceann de pholasaithe agus cuspóirí cuí mar a leagtar amach i bPleananna Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil agus Reachtaíocht Náisiúnta. Go príomha is iad na saoránaigh agus an pobal na páirtithe leasmhara is tábhachtaí atá againn, ag seo na ceisteanna is tábhachtaí a gcuireann ár gcuid páirtithe leasmhara spéis iontu go speisialta:

- Cuimsiú sóisialta ionas go mbeidh gach éinne – go mórmhór iad siúd ar an imeall – páirteach i gcinntí áitiúla a dhéanamh;
- Plé ciallmhar idir saoránaigh agus an pobal, páirtíocht i dtosaíochtaí a aithint agus pobail áitiúla a mhúnlú trí na LCDC (Coistí Áitiúla Forbairt Pobail) agus san áireamh bheadh gnímh dheonacha agus saoránacht ghníomhach;
- Comhoibriú idir áisínteachtaí agus saothar chun torthaí maithe a bhaint amach dos na pobail;
- Forbairt eacnamaíoch agus cruthú poist a chur chun cinn;
- Ábhair bainteach le cúinsí forbartha inmharthana a bhreith isteach;
- Díriú go soiléir ar an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní ar fáil agus an margadh is fearr a bhaint amach astu;
- Smaoineamh ar acmhainní comhshaoil.

Caibidil 3: Sonraí na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair as Béarla amháin nó dátheangach

Sonraí na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair as Béarla amháin nó sa dá theanga Gaeilge agus Béarla; cuimseofar seirbhísí i gceantair Ghaeltachta.

Soláthar Seirbhísí faoi láthair			
Seirbhísí (Ginearálta)	As Béarla amháin	As Gaeilge amháin	Dátheangach, Béarla agus Gaeilge
Tithíocht & Foirgníocht	✓		
Seirbhísí Uisce	✓		
Pleanáil	✓		
Bóithre & Iompar	✓		
Rialú & Gnóthaí Corparáideacha	✓		✓
Airgeadas, TE & Mótarcháin	✓		
Pleanáil & Forbairt Eacnamaíoch	✓		
Forbairt Pobail	✓		
Comhshaol			✓
Dóiteán, Rialú Foirgníochta & Cosaint Shibhialta	✓		
Daonacmhainní	✓		
Músaem	✓		
Ealaíona			✓
Leabharlanna			✓
Seirbhísí i gCeantair Ghaeltachta	as Béarla amháin	as Gaeilge amháin	Dhátheangach, Béarla agus Gaeilge
Ní bhaineann le hábhar			

Caibidil 4: Ag cur le Seirbhísí as Gaeilge a sholáthar

Tá na forálacha sa tábla anseo thíos mar riachtanais faoi shainordú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Modh cumarsáide leis an bpobal		Tiomantas	
Fógraí Taifeadta ó bhéal		<p>Beidh na fógraí taifeadta seo a leanas as Gaeilge nó dhátheangach:</p> <p>(a) Fógraí taifeadta béil ar an dteileafón nuair a bhíonn oifigí an chomhlacht poiblí dúnta.</p> <p>(b) Fógraí taifeadta béil trí chóras aitheasc poiblí.</p> <p>(c) Fógraí taifeadta béil a cruthaíodh is a cuireadh ar aghaidh trí chóras ríomhaireachta nó córas freagartha ríomhaireachta ar an dteileafón.</p> <p>Baineann an fhoráil seo le fógraí 'taifeadta' seachas 'fógraí beo'.</p> <p>Má bhíonn Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, caithfidh comhlacht poiblí leagan Gaeilge na logainme a luadh san Ordú a úsáid i bhfógraí taifeadta béil a dhéanann an comhlacht nó éinne ar a shon siúd.</p>	Faoi shainordú
Cumarsáid scríofa	Litreacha agus Post Leictreonach	Freagrófar gach post sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas é.	Faoi shainordú
	Stáiseanóireacht	Beidh ceannteidil stáiseanóireachta, páipéar scríofa, duillíní mholtacha, clúdaigh Facs, clúdaigh comhad agus fillteáin, lipéid agus clúdaigh eile as Gaeilge nó dátheangach.	Faoi shainordú
Comharthaíocht	Comharthaíocht	<p>Beidh comharthaí go léir ó Chomhairle Contae Mhuineacháin nó ar a son as Gaeilge nó dátheangach, de réir na rialachán. (S.I. No.391/2008).</p> <p>Forbrófar córas ceadaithe don chomharthaíocht chun géilliúlacht don Acht a chinntiú.</p>	Faoi shainordú Bliain 1

Foilseacháin	Foilseacháin	Foilseofar doiciméid a leagann amach moltaí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascáil bhliantúil agus ráitis straitéise san am céanna as Gaeilge agus Béarla.	Faoi shainordú
	Ciorcláin/Nótaí Poiblí	Má dhéanann comhlacht poiblí teagmháil scríofa nó leictreonach leis an bpobal mór nó cuid den phobal mór ar son eolas a scaipeadh, cinnteoidh an comhlacht go mbeidh an teagmháil as Gaeilge nó Gaeilge agus Béarla.	Faoi shainordú
An Ghaeltacht	Logainmneacha Gaeltachta	Ní mór do chomhlacht poiblí i gceantar Gaeltachta na logainmneacha oifigiúla a úsáid de réir na reachtaíochta.	Faoi shainordú

Tá sé mar chuspóirí na dara Scéime seo tógáil ar an dul chun cinn a baineadh amach ó 2008 i gcás seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí a labhrann Gaeilge agus chun an réimse seirbhísí ar fáil go dátheangach a leathnú go ceann tréimhse na scéime.

Sa dara Scéim táimid tiomanta do mhonatóireacht leanúnach ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí as Gaeilge, ionas gur féidir linn freagairt don éileamh ar bhonn pleanáilte, soiléir agus praiticiúil. Glacann Comhairle Contae Mhuineacháin leis na bearta seo a leanas chun an Ghaeilge a fhorbairt sa dara Scéim seo go ceann tréimhse na scéime muna luaitear a mhalairt:

Modhanna chun teagmháil leis an bpobal	Tiomantas	Scála ama faoi dheireadh BI 1/ BI 2 / BI 3	
Cumarsáid ó Bhéal/Scríofa	Lasc-chlár fáiltithe Aghaidh/Seirbhís Chuntair	• Luafaidh foireann fháiltithe/lasc-chláir ainm an Údarás Áitiúil as Gaeilge.	Leanúnach
		• Leanfaidh an riail seo go hOifigí Ceantar Bardasach agus Leabharlanna.	Bliain 1
		• Beidh na gnáthbheannachtaí ar eolas ag an bhfoireann agus beifear in ann iarratas ar sheirbhís as Gaeilge a fhreagairt.	Bliain 1
		• Cuirfidh baill fhoirne custaiméirí in aithne don oifigeach cuí a bheidh in ann freastal orthu trí Ghaeilge, má bhíonn a leithéid de dhuine ar fáil.	Bliain 1
		• Fógrófar ainmneacha na mball foirne ar féidir leo oibriú as Gaeilge i ranna éagsúla na heagraíochta agus ar líne.	Bliain 1
		• Soláthrófar liosta reatha na mball foirne ar féidir leo seirbhís a sholáthar as Gaeilge.	Bliain 1
		• Beidh beannachtaí taifeadta agus teachtaireachtaí fóin dátheangach lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre agus déanfar	Bliain 1

		<p>athbhreithniú rialta orthusan chun géilliúlacht a chinntiú.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Freagrófar comhfhreagras poist nó r-phoist ón bpobal, eagraíochtaí eile nó baill tofa sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas é. Ar ndóigh níor chóir don chaighdeán úd a bheith faoi bhun an chaighdeán seirbhís as Béarla. Déanfaidh an Chomhairle taifeadadh agus tuairisciú ar gach aon chomhfhreagras faighte as Gaeilge. • Déanfar taifeadadh ar gach iarratas ar sheirbhís as Gaeilge agus coimeádfar an saghas céanna seirbhís ar siúl. 	<p>Leanúnach</p> <p>Leanúnach</p> <p>Bliain 1</p>
	Labhairt ar an bhfón leis an bpobal	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh treoir agus oiliúint ar fáil ag an bhfoireann chun déileáil le glaonna ó lucht labhartha na Gaeilge i measc an phobail. • Beidh taithí ag an bhfoireann ar na gnáthbheannachtaí as Gaeilge agus beifear in ann iarratas ar sheirbhís as Gaeilge a fhreagairt. • Cuirfidh baill fhoirne custaiméirí in aithne don oifigeach cuí a bheidh in ann freastal orthu as Gaeilge, má bhíonn a leithéid ar fáil. 	Bliain 1
	Fógraí Taifeadta ó Bhéal	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh beannachtaí pearsanta réamhthaifeadta fóin ag foireann dátheangach i bhformáid dátheangach. 	Bliain 2
	Fógraí Beo	<ul style="list-style-type: none"> • Ní dhéantar aon fhógraí beo i bhfoirgnimh Co Co Mhuineacháin, dá dtiocfadh athrú air sin bheidís sa dá theanga. 	Ní bhaineann le hábhar
	Bileoga/Bróisiúir Eolais	<ul style="list-style-type: none"> • Go ceann tréimhse na scéime cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh doiciméid pholasaí ceadaithe le foilsiú ag an gComhairle ar fáil sa dá theanga faoin gclúdach céanna ach amháin munar féidir de dheasca nádúr, méid nó leagan amach an ábhair. • Ina leithéid de chás foilseofar i dteanga amháin, ach cuirfear ráiteas sa leagan Béarla a mhíneoidh go mbeidh leagan Gaeilge ar fáil den bhfoirm chéanna. • Má bhíonn foirmeacha iarratais agus bileoga eolais i leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leith, beidh an suntas céanna á tharraingt ag an dá leagan ar láithreacha poiblí. • Beidh leagan Gaeilge nó dátheangach de na 	<p>Leanúnach</p> <p>Leanúnach</p>

		bileoga & bróisiúir is coitianta. Beidh bileoga eile ar fáil as Gaeilge ach iad a lorg.	Leanúnach
	Foirmeacha Iarratais	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh leagan Gaeilge nó dátheangach de na foirmeacha iarratais is coitianta. Beidh na foirmeacha eile go léir ar fáil ach iad a lorg. • I gcúinsí eisceachtúla, foilseofar foirmeacha i dteanga amháin, ach cuimseofar ráiteas sa leagan Béarla ag cur in iúl go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil freisin. • Ba chóir an leagan Gaeilge d'fhoirmeacha atá aistrithe cheana féin a sholáthar gar don leagan Béarla ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Mhuineacháin. 	Leanúnach Leanúnach Bliain 1
	Eile	<ul style="list-style-type: none"> • Foilseofar leaganacha sa dá theanga d'fhoilseacháin mar an Plean Corparáideach agus an Tuarascáil Bhliantúil. 	Leanúnach
Na Meáin	Preasráitis	<ul style="list-style-type: none"> • Eiseofar preasráitis a bhaineann le ceisteanna Gaeilge as Gaeilge nó sa dá theanga agus seolfar iad san am céanna go dtí na meáin idir Ghaeilge agus Béarla. • Beidh ábhar as Gaeilge in aon nuachtlitir ón gComhairle, topaicí nach mbaineann le Gaeilge san áireamh. 	Leanúnach Bliain 2
	Urlabhraithe do na Meáin	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh urlabhraí líofa sa Ghaeilge ar fáil chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge. • Foilseofar fógraí agus bolscaireacht sa dá theanga i nuachtáin áitiúla/náisiúnta má bhaineann an t-ábhar pléite go háirithe le ceisteanna na teanga Gaeilge. 	Leanúnach Leanúnach
	Óráidí	<ul style="list-style-type: none"> • Léireofar sa dá theanga cainteanna ó Chathaoirleach na Comhairle, Méaraí na gCeantar Bardasach agus an Príomhfheidhmeannach a bhaineann le cúrsaí na Gaeilge agus scaipfear iad i dteannta a chéile. • Ag ócáidí poiblí, ba chóir Gaeilge éigin a bheith laistigh de chainteanna ó na hoifigí poiblí nó baill tofa. 	Leanúnach Bliain 1
Teicneolaíocht Eolais	R-phoist	<ul style="list-style-type: none"> • Bunófar seoladh tiomanta r-phost eolas@monaghancoco.ie dóibh siúd ar mhaith leo plé go díreach as Gaeilge le Comhairle Contae Mhuineacháin. 	Leanúnach

		<ul style="list-style-type: none"> • Gealltar freisin an r-phost úd a bheith mar a leanas eolas@muineachancoco.ie. • Beidh rogha ag an bhfoireann agus baill tofa leagan Gaeilge an r-phost a úsáid más maith leo. • Ba chóir dóibh siúd a labhrann Gaeilge líne a chur sa r-phost ag rá go bhfuil Gaeilge acu is go bhfáiltíonn siad roimh úsáid na Gaeilge. • Beidh an dá theanga i dteachtaireachtaí caighdeánacha r-phost, mar shéanadh. 	<p>Bliain 2</p> <p>Bliain 2</p> <p>Bliain 2</p> <p>Leanúnach</p>
	Suímh idirlín	<ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir leagan Gaeilge d'ainm an fhearann a sholáthar mar www.muineachan.ie. • Beidh an t-ábhar statach ar an leathanach baile agus na príomhleathanaigh ainmnithe ar shuíomh idirlín an chomhlachta phoiblí ar fáil as Gaeilge. • Ar an leathanach baile beidh rogha idir Gaeilge agus Béarla. • Forbrófar leathanach idirlín ar leith chun naisc ón ábhar Gaeilge a bhreith le chéile laistigh den suíomh agus rochtain ábhar cuí ó lucht labhartha na Gaeilge a éascú. • Beidh sonraí Oifigeach na Gaeilge ar fáil ar an suíomh idirlín. • Beidh sonraí Coiste na Gaeilge ar fáil ar an suíomh idirlín. • Ba chóir liosta na nOifigeach ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge a léiriú go soiléir ar shuíomh idirlín Chomhairle Contae Mhuineacháin. • Beidh an t-eolas ar an leathanach baile agus cur síos ar gach Roinn ar fáil as Gaeilge. Feidhmeofar é seo trí chliceáil ar an gcnaipe “As Gaeilge”. • Forbrófar cuid den Tairseach Foirne mar acmhainn foirne chun an dátheangachas a chur chun cinn. 	<p>Bliain 1</p> <p>Leanúnach</p> <p>Leanúnach</p> <p>Bliain 2</p> <p>Bliain 1</p> <p>Bliain 1</p> <p>Bliain2</p> <p>Bliain 1</p> <p>Bliain 2</p>
	Na Meáin Shóisialta	<ul style="list-style-type: none"> • Beidh ar a laghad 5% den ábhar ar na Meáin Shóisialta ar fáil as Gaeilge. San 5% úd cuimseofar poist nach mbaineann leis an dteanga. 	Bliantúil
	Córais Ríomhaireachta	<ul style="list-style-type: none"> • Leanfaidh an comhlacht poiblí den leas 	Leanúnach

		gníomhach a bhaint as teicneolaíocht chun soláthar seirbhísí dátheangacha a fheabhsú. Beidh córais nua bogearraí ríomhaireachta ar bhonn dátheangach.	
	Seirbhísí Idirghníomhacha	<ul style="list-style-type: none"> • Stiúrófar athbhreithniú ar an seirbhís iomlán idirghníomhach atá ar fáil ag an bpobal chun géilliúlacht don Acht agus don scéim a chinntiú. • As seo amach beidh seirbhísí idirghníomhacha ar líne ar fáil sa dá theanga. • Beidh seirbhísí ar líne agus idirghníomhacha forbartha ag comhlachtaí seachtracha ar fáil go hiomlán ar bhonn dátheangach, ag brath ar fháil ar chúrsaí teicneolaíochta. • Má bhíonn seirbhísí nua idirghníomhacha don phobal chun iarratais nó bearta eile a dhéanamh ar líne beirfear isteach iad siúd in éineacht faoi dheireadh na scéime. 	<p>Bliain 2</p> <p>Leanúnach</p> <p>Leanúnach</p> <p>Leanúnach</p>
Eile	Cruinnithe	<ul style="list-style-type: none"> • Fáilteofar roimh thuairimí as Gaeilge nó Béarla ag cruinnithe eagraithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin. • Má eagraíonn an comhlacht poiblí cruinnithe faoi cheisteanna na Gaeilge, beidh siad siúd as Gaeilge nó dátheangach, mar is cuí. • Leanfaidh Údarás Áitiúla Mhuineacháin de thacú le saothar An Choiste Logainmneacha. Leanfaidh an coiste d'úsáid na Gaeilge, eolas, cultúr agus oidhreacht áitiúil a chur chun cinn ar bhonn gníomhach maidir le logainmneacha a roghnú d'fhorbairtí nua idir phoiblí is príobháideach. 	<p>Leanúnach</p> <p>Leanúnach</p> <p>Bliain 1</p>
	<u>Ócáidí</u>	<ul style="list-style-type: none"> • Déanfaidh an Chomhairle iarracht ar ócáidí Gaeilge a reachtáil do Phobal na Gaeilge agus tacú leo ar bhonn bliantúil. Bealach amháin is ea scéim deontas beag a bhunú do Sheachtain na Gaeilge. • Ag ócáidí poiblí, ba chóir d'oifigigh na comhairle agus baill tofa an Ghaeilge a labhairt mar chuid den chaint is iad ag fáiltiú roimh dhaoine. 	<p>Bliain 1</p> <p>Bliain 1</p>
	<u>An tOrdú Logainmneacha</u>	Don ghnó oifigiúil úsáidfidh an Chomhairle an leagan oifigiúil Gaeilge logainmneacha atá ar fáil ag www.logainm.ie	Leanúnach

Caibidil 5: Ag cur le Cumas Teanga

5.1 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do dheiseanna a sholáthar do bhaill fhoirne freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge ag a bhfuil an chreidiúnacht chúí. Cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas maidir le háiseanna/deiseanna chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.

		Tiomantas	Scála Ama Deireadh BI 1/ BI 2 / BI 3
Ag cur le Cumas as Gaeilge	Earcaíocht	Gheobhaidh baill nua foirne paca ionductaithe ina mbeidh cóip den Scéim seo againne.	Bliain 1
	Oiliúint	Cuirfear deiseanna ar fáil chun cur le cumas Gaeilge i measc foireann agus baill tofa. Déanfar socruithe cúí don bhfoireann maidir le hoiliúint i dteanga na Gaeilge agus creidiúnú chun a gcumas sa teanaga a léiriú agus a choimeád ar siúl. Cuimseofar: <ul style="list-style-type: none"> Oiliúint sa Ghaeilge laistigh den chomhairle do thosaitheoirí agus iad siúd ag a mbeidh leibhéal meánach. Oiliúint dóibh siúd ar an líne tosaigh chun glaonna a fhreagairt trí na gnáthbheannachtaí. Maoiniú do bhaill fhoirne agus baill tofa chun leas a bhaint as dianchúrsaí Gaeilge i gceantair Ghaeltachta nó in áiteanna eile. 	Leanúnach
	Eile	Soláthróidh Comhairle Contae Mhuineacháin acmhainní chun an Scéim úd a fheidhmiú. Anuas air sin: <ul style="list-style-type: none"> Leanfar den Scéim Scoláireachtaí Gaeltachta. Tacófar le ceolchoirmeacha ina mbeidh ceol traidisiúnta agus amhráin na hÉireann. Trí chúnaimh ó na leabharlanna spreagfar daoine óga chun leabhair as Gaeilge a léamh. Cabhrú leis an nGaeilge a chur chun cinn i saol laethúil agus gníomhaíochtaí an phobail mhóir. 	Leanúnach

		<ul style="list-style-type: none"> • Teagmháil le heagraíochtaí mar an CLG, Gaelscoileanna & ar eile chun an teanga a chur chun cinn. • Aithníonn Údarás Áitiúla Mhuineacháin na roghanna teanga atá déanta ag Naíonraí agus Gaelscoileanna i gContae Mhuineacháin, maraon le heagraíochtaí agus grúpaí eile teanga ar fud an chontae agus ar bhonn náisiúnta. Éascófar soláthar seirbhísí as Gaeilge do na comhlachtaí agus grúpaí úd go ceann tréimhse na scéime seo. • Beidh Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do chabhair a thabhairt do Mhuineachán le Gaeilge agus grúpaí eile pobail sa chontae chun Plean Teanga a dhréachtadh don Chontae. • Beidh Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do chabhrú le Muineachán le Gaeilge is iad ag iarraidh an sprioc mar stádas “Líonra Gaeilge” a bhaint amach do Bhaile Mhuineacháin. 	
--	--	---	--

Poist Ainmnithe a bhaineann leis an nGaeilge

Táthar tar éis an post a liostáiltear anseo thíos a ainmniú mar phost ina bhfuil gá le cumas i dteanga an Gaeilge. Tá sé i gceist go mbeidh éinne a cheapfar sa phost seo tar éis caighdeán áirithe creidiúnaithe nó oiliúna sa teanga a bhaint amach, iad oiriúnach do na freagrachtaí a bheidh ar an té a cheapfar.

Sula mbeidh deireadh leis an Scéim scrúdóidh Comhairle Contae Mhuineacháin, trín Rannóg Daonacmhainní, poist bhreise aitheanta ina mbeadh eolas ar an nGaeilge riachtanach. Anuas air sin leanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin aon athrú ar Pholasáí Náisiúnta maidir le baill fhoirne ag a mbeidh cáilíochtaí as Gaeilge.

Teideal an Phoist	Láthair	Gaeltacht/Pobal Gaeilge a mbeifear ag freastal orthu	Léiriú ar an gcaighdeán Gaeilge a éileofar (roghnaigh bunúsach, meánach nó ardchaighdeán)
Oifigeach Gaeilge	Contae Mhuineacháin	Pobail labhartha na Gaeilge i gContae Mhuineacháin	Meánach/ardchaighdeán
Oibrithe Lasc-chláir	An Ceannáras, MD, Leabharlanna		Bunúsach

Caibidil 6: Monatóireacht agus Athbhreithniú

Déanfaidh na Seirbhísí Rialaithe & Gnóthaí Corparáideacha monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar fheidhmiú na scéime trí thuairisc in aghaidh ráithe go dtí an Stiúrthóir Seirbhísí.

Caithfidh gach rannóg tuairisc bhliantúil a sheoladh ar fheidhmiú na scéime chun go ndéana an Stiúrthóir agus an tOifigeach Gaeilge athbhreithniú uirthi.

Ag cruinniú mí na Márta soláthrófar tuairisc bhliantúil do na Baill Tofa ar ghníomhaíochtaí An Choiste Gaeilge maraon le géilliúlacht agus dul chun cinn na Comhairle sa Scéim.

Beidh monatóireacht bhreise ar bun ag An gCoiste Gaeilge, sin baill tofa ag na trí chruinniú faoi sceideal in aghaidh na bliana.

Is é Nial Ó Conchúir, Oifigeach Gaeilge, noconnor@monaghancoco.ie an teagmhálaí do na cúrsaí seo

Caibidil 7: Poiblíocht don Scéim Aontaithe

Tabharfar poiblíocht don scéim seo go himmheánach is go seachtrach, ar dtús trí phreasráiteas. Beidh leagan dátheangach ar ár suíomh idirlín agus seolfar é chuig an fhoireann iomlán agus áisínreachtaí cuí. Féadfar leas freisin a bhaint as modhanna eile fógraíochta.

Anuas air sin, glacfaimid le gach aon deis in aghaidh an lae chun na seirbhísí trí Ghaeilge atá againn a chur chun cinn is a mhíniú do chustaiméirí mar a leanas:

- Eolas a thabhairt go díreach do chustaiméirí ar bhonn gníomhach maidir leis an rogha atá acu plé linn as Gaeilge, mar shampla trí na seirbhísí úd a lua ar fhógraí r-phoist;
- Na seirbhísí úd a lua go soiléir feiceálach ar ár suíomh idirlín;
- Ábhar as Gaeilge a bheith ar aon chéim le hábhar as Béarla .

Seolfar cóip den scéim aontaithe go dtí Oifig an Choimisinéir Teanga.